An Ghaeilge san Eoraip

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin Ghaeilge san Eoraip. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

stairiúil	cruinniú	ateangaire
ionadaí	aire	feisire

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé mhéad teanga oifigiúil atá san Aontas Eorpach?
2. Cé hé an chéad aire Éireannach a bhain úsáid as an nGaeilge i gcruinniú san Eoraip?
3. Cad a deir an tAire faoin nGaeilge san Aontas Eorpach?
4. An féidir an Ghaeilge a úsáid ag gach cruinniú san Aontas Eorpach?
5. Cé a d'úsáid an Ghaeilge den chéad uair i bParlaimint na hEorpa? Cén uair?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

'*Bhain* an t-aire úsáid as an nGaeilge ag cruinniú ar maidin.'
'*Labhair* sé Gaeilge sa chruinniú.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. _____ Seán a charr inné agus fuair sé praghas maith air. (díol)
2. _____ Máire a hata sa teach tábhairne aréir. (caill)
3. Chuaigh mé go dtí an t-ollmhargadh agus _____ mé feoil don dinnéar. (ceannaigh)
4. Nuair a bhí Síle ar saoire sa Spáinn, _____ sí a lán airgid ar bhronntanais. (caith)
5. _____ na daltaí sa seomra ranga ag am lóin mar bhí an aimsir fuar agus fliuch. (fan)

Ceist 4 Féach ar na habairtí thíos:

'Is é an tAire Noel Treacy *an chéad chomhalta* riamh den rialtas a bhain úsáid as an nGaeilge san Eoraip.'
'Is é an Brian Crowley, *an chéad fheisire* a labhair i nGaeilge i bParlaimint na hEorpa.'

An féidir leat na bearnaí thíos a líonadh? Tá cúpla ceann déanta duit.

1	comhalta	an chéad chomhalta
2	feisire	an chéad fheisire
3	bróg	an chéad bhróg
4	ceann	
5	cruinniú	
6	bean	
7	fear	
8	páiste	
9	ceist	
10	mac	
11	cúl	
12	cluiche	

Ceist 5 Féach ar an abairt thíos:

Is féidir le feisirí labhairt *i nGaeilge* anois *i bParlaimint* na hEorpa.

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort urú a chur roimh na focail idir lúibíní.

1. Tá mé i mo chónaí i _____ le cúig bliana anuas. (Corcaigh)

2. Tá an-suim agam i _____. (ceol clasaiceach)

3. Bhí mé ar laethanta saoire i _____ anuraidh. (Páras)

4. Tá a lán dífhostaíochta i _____. (Dún na nGall)

5. Bíonn go leor turasóirí i _____ i rith an tsamhraidh. (Gaillimh)

6. Tá Uachtarán na hÉireann ina cónaí i _____. (Baile Átha Cliath)

Ceist 6 An bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a úsáid san Aontas Eorpach? Cén fáth? Ar mhaith leat bheith ag obair mar ateangaire san Eoraip? An bhfuil an obair sin crua, dar leat? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.
stairiúil – *historic*
cruinniú – *meeting*
ateangaire - *interpreter*
ionadaí - *representative*
aire - *minister*
feisire – *member of parliament*

Ceist 2
1. 23.
2. An tAire Gnóthaí Eorpacha, Noel Treacy.
3. Deir sé gur mór an onóir dó mar ionadaí ó Éirinn an seans seo a bheith aige an teanga a labhairt.
4. Is féidir ach caithfidh airí fógra a thabhairt roimh ré má tá sé i gceist acu labhairt i nGaeilge mar gheall ar easpa ateangairí.
5. D'úsáid an feisire Eorpach, Brian Crowley, an Ghaeilge den chéad uair i bParlaimint na hEorpa an tseachtain seo caite.

Ceist 3
1. dhíol
2. chaill
3. cheannaigh
4. chaith
5. d'fhan

Ceist 4

1	comhalta	an chéad chomhalta
2	feisire	an chéad fheisire
3	bróg	an chéad bhróg
4	ceann	an chéad cheann
5	cruinniú	an chéad chruinniú
6	bean	an chéad bhean
7	fear	an chéad fhear
8	páiste	an chéad pháiste
9	ceist	an chéad cheist
10	mac	an chéad mhac
11	cúl	an chéad chúl
12	cluiche	an chéad chluiche

Ceist 5
1. i gCorcaigh
2. i gceol clasaiceach
3. i bPáras
4. i nDún na nGall
5. i nGaillimh
6. i mBaile Átha Cliath

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Lá stairiúil a bhí ann inniu don Ghaeilge san Eoraip. Is é an tAire Gnóthaí Eorpacha, Noel Treacy, an chéad chomhalta riamh den rialtas a bhain úsáid as an nGaeilge ag cruinniú Chomhairle Airí an Aontas Eorpaigh nuair a labhair sé ag an gcruinniú sin inniu. Tá an scéal ag Irene Ní Nualláin.

Irene Ní Nualláin

Tá 23 teanga oifigiúil agus oibre san Aontas Eorpach anois. Áiríodh an Ghaeilge mar cheann acu ar an gcéad lá de Eanáir. Baineadh úsáid as ateangairí Gaeilge den chéad uair ag cruinniú Chomhairle na nAirí ar maidin. Ba é an tAire Gnóthaí Eorpacha, Noel Treacy an chéad aire riamh a labhair le Comhairle na nAirí trí Ghaeilge agus é ag freastal ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta agus Eachtracha inniu.

Noel Treacy

Is mór an onóir domsa mar ionadaí ó Éirinn an seans seo a bheith agam an teanga a labhairt agus is ócáid an-stairiúil é go háirithe go n-aithníonn an tAontas Eorpach[1] an tábhacht atá ag baint lenár dteanga[2] náisiúnta, an difríocht atá i ngach teanga ar fud na hEorpa.

Irene Ní Nualláin

Caithfidh airí fógra a thabhairt roimh ré má tá sé i gceist acu labhairt i nGaeilge mar gheall ar easpa ateangairí. Toisc nach bhfuil a ndóthain ateangairí oilte ar fáil, is ó Ghaeilge go Béarla amháin a dhéantar ateangaireacht faoi láthair. Ach tiocfaidh méadú ar líon na seirbhísí seo de réir mar a chuirtear breis ateangairí oilte ar fáil. Baineadh úsáid as an nGaeilge den chéad uair i bParlaimint na hEorpa seachtain ó shin nuair ab é an feisire Eorpach, Brian Crowley, an chéad fheisire a labhair i nGaeilge sa bParlaimint.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4

[1] *Aontas Eorpach* a deirtear sa mhír
[2] *leis ár dteanga* a deirtear sa mhír